Conradh na Gaeilge

# Aighneacht

# PEACE PLUS

# Feabhra 2020

Níl an sraith PEACE tar éis cláir maoinithe sásúil a chur ar fáil nó cothrom na féinne a thabhairt do cheist, stádas agus ról na Gaeilge sa sochaí roinnte, cé go bhfuil an teanga tar éis a bheith i gcroílár na conspóide ó thuaidh le 3 bliana anuas agus feachtas ar bun le bunseirbhísí a bhaint amach trí Ghaeilge don phobal.

Tuigeann muid gur cuireadh maoiniú beag ar fáil do líon an-bheag de thionscadail Ghaeilge faoi réimsí éagsúla ach níl aon clár tionscadail faoi leith tar éis a bheith ann le déileáil leis an nGaeilge fhéin i gcomhthéacs an sochaí roinnte.

Ní chóir go mbeadh an Ghaeilge mar bhata. Is modh cumarsáide í ata fite fuaite i gcultúr na hÉireann agus is mian le go leor daoine sa phobal í a úsáid. Ba chóir go mbeidh an deis sin acu gan eagla nó buairt nó idirdhealú.

Tá sé tugtha faoi deara le ó 2007 go bhfuil an Ghaeilge anois mar cheann de na constaic is mó don síocháin ó thuaidh, go háirithe le déanaí agus an Tionól á athbhunú arís. Tá an-chuid aineolas agus easpa tuisceana i measc pobail éagsúla ar an teanga agus tá sin ag cruthú deighiltí idir na pobail sin. Tá sé tábhachtach a rá nach mbaineann an Ghaeilge le haon pobail amháin ach le gach duine ar oileán na hÉireann go bhfuil spéis nó suim acu í a úsáid. Agus sin ráite tá sé ag dul d'aon duine a roghnaíonn an Ghaeilge a úsáid ina saol pearsanta, leis an stáit nó eile nach mbeidh an duine sin faoi ionsaí ó phobail eile.

Tá neart oibre le déanamh maidir le tuiscint agus caoinfhulaingt a chothú le gnáthdhaoine ó na pobail Dhílseacha agus Aontachtacha. Ba cheart don Peace Plus Programme deis ar leith a thabhairt do dhaoine dul i ngleic leis an fhadhb, agus tá sé iomlán dothuigthe dúinn nach bhfuil an clár ag iarraidh tabhairt faoin fhadhb seo. De bhrí nach bhfuil mórán de sheans ann go leanfaidh an Clár Síochána ar aghaidh indhiadh seo, is dóichí ná a mhalairt gurb í seo an deis dheireanach a bheas ann chun dul i ngleic leis an cheist ríthábhachtach seo. Tá samplaí tábhachtacha ann maidir leis an dóigh ar féidir le tuiscint agus caoinfhulaingt ar an teanga, mar shampla, an obair atá ar bun ag Linda Ervine agus Misean Oirthear Bhéal Feirste. Níl anseo ach sampla amháin de neart samplaí a rinne difear suntasach, agus ar ceart tógáil orthu ar leibhéal níos forleithne i dtaobh réimse an chláir. Is féidir díriú ar shampla eile leis an obair atá ar bun ag Conradh na Gaeilge le sólathar an chláir 'Ár dTeanga Chomhroinnte' atá á chur ar fáil i scoileanna éagsúla fud fad an Tuaiscirt, leis an mhórchuid de na scoileanna seo ag teacht ó chúlra Protastúnach agus Aontachtach. Is í aidhm an chláir ná feasacht na ndaoine óga i dtaobh na Gaeilge a ardú.

Tá acmhainneacht mhór ann fosta chun comhtháthú trasteorann a chur chun cinn, chomh maith le comhtháthú trasphobail a mbeadh teanga mar chroílár ann, agus mar chuid lárnach de na traidisiúin roinnte sa Chlár Síochána.

Tá sé tábhachtach, mar sin, go gcomhlíonfar na bun-choimitmintí – go n-aithnítear cearta daonna ar bhonn cóimheasa, go mbíonn caoinfhulaingt chultúrtha ann, mar aon le cothrom na féinne do chách.

## Iarrachtaí ó phobal na Gaeilge ag iarraidh ar SEUPB obair thrasphobail trí Ghaeilge a mhaoiniú

Is mar thoradh air seo a chuirimid ar Peace Plus clár ar leith a chur ar fáil, clár a bheadh á reáchtáil ag leibhéal réigiúnach trasna réimse an chláir, agus go mbeadh an clár seo á

riaradh ag Conradh na Gaeilge, atá ar na comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu bheith ag plé le feasacht na teanga. Tá go leor cúiseanna ar ceart go mbeadh clár amháin ag plé le réimse atá thuasluaite. Msh.,

- An gá le tabhairt faoi chaoinfhulaingt agus tuiscint. D'aithin neart comhlachtaí, Cuibhreannas Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, an Coiste um Riar an Chirt agus COMEX ina measc, an gá dul i ngleic leis an chlaontacht i leith na Gaeilge
- Is fadhb réigiúnach é seo a bhfuil gné láidir trasteorann aige, agus mar thoradh, tá cur chuige aonghnéitheach de dhíth
- Is ceist í an Ghaeilge a ndearna an Clár Síochána, agus tograí síochána eile, neamhaird uirthi, agus caithfear iarracht shuntasach a dhéanamh chun an éagothroime maidir le hinfheistiú i gClár Síochána IV a cheartú.
- Má fhágtar seo ag na hÚdaráis Áitiúla chun tosaíocht a dhéanamh den chaiteachas síochána, go háirithe i gcur chun na caoinfhulaingthe, na tuisceana agus claontacht i leith na Gaeilge, is cosúil nach ndéanfar scéal mór de laistigh de Chomhairlí a bhfuil ionadaíocht láidir de Chomhairleoirí Aontachtacha iontu, áit a mbeadh an tionchar is mó ag clár den chineál seo. (rud a d'aithin COMEX/ Comhairle na nAirí de Chomhairle na hEorpa, mar atá thuasluaite)

Seo cuid de na gníomhartha a d'fheadfaí a mhaoiniú sa chlár seo:

1. Gníomhartha le hoiliúint agus feasacht ar an teanga a chur chun cinn i measc gach pobail ó thuaidh agus ó dheas chun go mbeidh tuiscint ag na pobail ar bhuntáiste na Gaeilge agus nach bhfuil sí mar bhagairt ar aon duine.
2. Gníomhartha a mhaoiniú a chabhróidh leis an gcainteoir Gaeilge a rogha teanga a úsáid sa sochaí agus nach mbeidh buairt nó eagla orthu len é sin dhéanamh.
3. Gníomhartha a mhaoiniú a chabhródh le tógraí caipitil agus fiontraíochta a chur ar bun a thabharfadh fócas agus seirbhísí do gach pobal agus traidisiúin a úsáideann an Ghaeilge
4. Gníomhartha a mhaoiniú le nasc a dhéanamh leis an gcuid eile d'oileán na hÉireann. Tá an-chuid aineolas agus easpa tuisceana ó dheas in Éirinn ar úsáideoirí Gaeilge ó thuaidh. Is gá arís fáil réidh leis an sean-íomhá go mbaineann an teanga leis an bpoblachtachas amháin agus ina áit cinnte a dhéanamh go dtuigeann pobail na hÉireann ar fad go mbaineann an Ghaeilge le gach duine gur mian leo sin.

Ba mhaith linn go mbeidh sochaí ó thuaidh atá sochair agus go bhfuil meas ag na pobail éagsúla ar a chéile agus a gcultúr. Mar dhlúthchuid de seo, ba mhaith linn go mbeidh saoránach ar bith in ann an Ghaeilge a úsáid gan eagla nó buairt nó gan droch-impleachtaí pearsanta ann don duine má roghnaíonn an duine Gaeilge a úsáid.

Ba mhaith linn go mbeidh an polaitíocht bainte as an nGaeilge. Ní chóir go mbeadh aon duine á úsáid mar bhata le deightlí a chruthú. Bhí an Ghaeilge ann i bhfad roimh aon aighneas in Éirinn agus ba chóir, mar sin, go mbeidh sí in ann forbairt arís gach aighneas agus coimhlint a bheith bainteach léi.